



Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath

# An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta 2023

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

sustrans
JOIN THE MOVEMENT

Foilsithe i mí an Mhárta 2024



# Brollach

An fhís atá againn do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothar i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath



Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair sásta an tríú leagan d'Innéacs Siúil agus Rothaíochta Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a fhoilsiú. Táim an-sásta chomh maith go bhfuil ár gcomhpháirtíocht le Sustrans fásta againn le tuarascálacha do Limistéir Cathrach Chorcaí, Luimnigh/na Sionainne, na Gaillimhe agus Phort Láirge a chur san áireamh.

Ón tuarascáil deiridh, lean leis an ÚNI, i gcomhpháirtíocht lenár n-údaráis áitiúla, le soláthar luathaithe an bhonneagair taistil ghníomhaigh agus chuir an ÚNI an infheistíocht is mó ar fáil maidir le bonneagar coisithe agus rothaíochta, de réir ár ngealltanais maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus le tacaíocht airgeadais an Chláir don Rialtas.

Is údar mór misnigh é a fheiceáil go bhfuil rogha níos láidre ná riamh á cur in iúl ag cónaitheoirí, le haghaidh hinfheistíocht leanúnach, sa taisteal gníomhach agus iompar poiblí sa réigiún.

Feicimid go ndéantar 530,000 turas fillte gníomhach gach lá sa Limistéar Cathrach ag daoine ar féidir leo carr a úsáid. Tá ról lárnach ag na turais seo maidir le cathair níos inbhuanaithe agus cathair ar féidir maireachtáil ann, chomh maith le réigiún níos leithne a chruthú.

I bhfianaise gur athraigh an chianobair minicíocht an timaistir i gcás go leor daoine, is díol suntais é go mbíonn 71% de gach cónaitheoir ag siúl nó ag rothaíocht ar a laghad 5 lá sa tseachtain, agus go mbíonn 25% dínn ag rothaíocht ar a laghad uair amháin sa tseachtain. Cuideoidh an tuarascáil agus na sonraí taobh thiar di leis an ÚNI agus lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta na háiteanna ar cheart dúinn ár gcuid iarrachtaí a dhíriú orthu a thuiscint.

Tá sé tábhachtach na gnéithe bonneagair lena spreagtar daoine dul ag siúl nó ag rothaíocht níos minice, cosúil le hinrochtaineacht cosáin níos fearr, níos mó crosairí agus áiteanna feadh sráideanna chun stopadh agus sos a ghlacadh. Áiseanna rothair saor ó thrácht agus cosanta, leanúint de bheith ar an gcineál bonneagair a deir daoine a mheallfaidh chuig rothaíocht iad, agus tá na háiseanna sin mar fhócas dár Lámhleabhar Náisiúnta um Dhearadh Rothaíochta a nuashonraíodh le déanaí.

Tá sé feicthe againn ó thorthaí an daonáirimh náisiúnta go bhfuil méadú ag teacht ar thaisteal go dtí an bhunscoil agus an mheánscoil ar rothar den chéad uair le 36 bliain, agus tá méadú ag teacht ar shoghluaisteacht neamhspleách leanaí le fios sa tuarascáil seo. Is ábhar misnigh na treochtaí seo i bhfianaise thiomantas an ÚNI do thaisteal gníomhach scoile trí Bhealaí Taistil agus Sábháilte chun na scoile de chuid Chlár na Scoileanna Glasa.

Tá na sonraí an-soiléir, teastaíonn ó lucht cónaithe níos mó turais a dhéanamh de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar agus níos lú tiomána a dhéanamh. Leis an bhfaisnéis seo, cuirtear ar ár gcumas é na háiseanna a fhorbairt d'fhonn an éileamh sin a bhaint amach, agus tacú le Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath tarraingteach, éadálach agus sláintiúil.

**Anne Graham, POF an Údaráis Náisiúnta Iompair**



## Clár ábhair


| | |
|---|---|
| 4 | Ceannlínte |
| 6 | Siúl i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| 8 | Rothaíocht i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| 10 | Tairbhí an tsiúil |
| 12 | Tairbhí na rothaíochta |
| 14 | Réitigh siúil |
| 16 | Réitigh rothaíochta |
| 18 | Réitigh chomharsanachta |
| 20 | Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a fhorbairt |
| 22 | An tslí chun cinn |



## An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta

Is éard is an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta ann (Bike Life roimhe seo) an measúnú is mó a ndearnadh riamh ar nósanna daoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar i gceantair uirbeacha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

Is é Subtrans a chuirfidh i gcrích é i gcomhar le 23 cathair agus ceantar uirbeach. Cuireann gach cathair[i] tuarascáil le chéile faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo cuma níos mealltaí a chur ar dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar mar mhodh chun turais laethúla a dhéanamh.

Cuireann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuarascáil le chéile gach dara bliain. Is í seo an tríú tuarascáil ó Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a cuireadh le chéile i gcomhpháirt le hÚdarás Náisiúnta Iompair na hÉireann. Na sonraí sa tuarascáil seo, baineann siad leis an mbliain 2023 agus áirítear leo sonraí faoi dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar, samhaltú agus suirbhé neamhspleách ar 1,103 cónaitheoir atá 16 bliana d'aois nó níos sine i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ba idir mí Aibreáin agus mí Iúil 2023 a rinneadh an suirbhé seo. Ba chuideachta neamhspleách um thaighde margaidh ar Iompraíocht & Dearcthaí a rinne an suirbhé agus é bunaithe ar shampla ionadaíoch de gach duine sa limistéar faoi thrácht, seachas a bheith dírithe ar choisithe, ar dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothaithe amháin.

Ar fud na tuarascála seo, chuireamar sonraí 2021 isteach ar mhaithe le comparáid má bhí siad ar fáil.




Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le muintir Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath as páirt a ghlacadh sa suirbhé agus a gcuid scéalta a roinnt linn.

Tá breis sonraí faoi na tuarascálacha le fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index. Le haghaidh breis sonraí, figiúirí na bliana 2019 san áireamh má tá siad le fáil, féach ar an Index Data Tool.

### Gabháil thart ar áis siúil a shainmhíniú

Maidir le daoine a úsáideann áiseanna soghluaisteachta ar rothaí, cathaoir rothaí, cuir i gcás, nó scútar soghluaisteachta, tuigimid nach mbeadh dáimh ag roinnt acu leis an téarma 'siúl' agus seans gur fearr leo an téarma 'gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a shainmhíniú' a úsáid ina áit. Úsáidimid na téarmaí ag siúl agus ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi lena chinntiú go bhfuilimid chomh ionchuimsitheach agus is féidir.

i. Úsáidtear cathair mar théarma uileghabhálach do na cathracha, réigiúin chathracha, limistéir chathracha agus na buirgí a phléitear san Innéacs Siúil agus Rothaíochta.

# Ceannlínte

## Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath

**Daonra**[i]

1,525,225


**Limistéar an tsuirbhé**




### Tionchar na paindéime

Chuir an phaindéim Covid-19 isteach go mór ar chúrsaí taistil. Fiú agus deireadh ag teacht le srianta sa bhliain 2021, bhí neart daoine ann fós nach raibh a oiread turas agus a bhíodh á ndéanamh acu agus iad ag obair ón mbaile.

**Cónaitheoirí a dhéanann turas ar na modhanna taistil seo a leanas cúig uair sa tseachtain ar a laghad i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath**




Tá méadú seasta tagtha ar líon na ndaoine a dhéanann turas de shiúl na gcos nó ar áis a bhfuil rothaí uirthi ón mbliain 2021 i leith, fad is nár tháinig aon athrú ar líon na ndaoine a théann ó áit go háit ar rothar.

**71%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad
**64%** sa bhliain 2021

**25%**
de chónaitheoirí a rothaíonn uair sa tseachtain ar a laghad
**25%** sa bhliain 2021

### Níl bhíonn an líon céanna daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Ó thaobh luchta cónaithe de, is mór idir roghanna taistil agus tuairimí daoine maidir le siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus rothaíocht i measc grúpaí éagsúla.

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad**

**64%** de dhaoine faoi mhíchumas

**71%** de dhaoine gan mhíchumas

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad**[iii]

**16%** de mhná

**35%** d'fhir

### Ní bhraitheann gach cónaitheoir sábháilte ná go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céadatán na gcónaitheoirí ar dóigh leo go bhfuil sé sábháilte taisteal de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**

**69%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE[iv]

**87%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

**Céatadán na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht mhaith rothaíochta ann**

**54%** de mhná

**61%** d'fhir

iii. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.
iv. Féach an sainmhíniú ar leathanach 6.

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhraitheann ar a suaimhneas agus iad ag siúl, ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar mhaith leo am a chaitheamh ar shráideanna a gceantar féin**

**88%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**90%** de dhaoine geala

i. Daonáireamh POS 2022. Is é seo an leagan is déanaí maidir le Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath.
ii. Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir cairr, veain nó gluaisrothair. In 2019, ní raibh taisteal ar ghluaisrothar san áireamh sna ceisteanna.

## Baineann gach duine tairbhe as nuair a bhíonn níos mó daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Is ionann líon na ndaoine a thaistealaíonn de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar gach lá i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus **530,000** gluaisteán a bhaint den bhóthar.[v] Nuair a chuirtear le chéile líon na ndaoine a úsáideann na modhanna taistil seo gach bliain i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath:

Seachnaítear
**4,373**
cás de riocht sláinte -fadtéarmach tromchúiseach

Cruthaítear
**€2.39 billiún**
de tairbhe eacnamaíoch do dhaoine aonair i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath

Sábháiltear
**120,000 tonna**
d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa

## Teastaíonn ó lucht cónaithe níos mó turais a dhéanamh de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar agus níos lú tiomána a dhéanamh

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo níos mó tairbhe a bhaint as cineálacha iompair éagsúla amach anseo:**

**Siúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**
**49%** níos mó
**3%** níos lú

**Rothaíocht**
**39%** níos mó
**2%** níos lú

**Dul ar iompar poiblí**
**34%** níos mó
**9%** níos lú

**Tiomáint**
**20%** níos mó
**23%** níos lú

## Teastaíonn níos mó maoinithe ó chónaitheoirí don siúl, rothlú, rothaíocht agus iompar poiblí

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ar áiseanna siúil, do dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar iompar poiblí ina gceantar féin:**

**74%** ar Shiúl nó Gabháil Thart ar Áis a Bhfuil Rothaí Uirthi
**61%** sa bhliain 2021

**66%** ar rothaíocht
**63%** sa bhliain 2021

**78%** ar iompar poiblí
**65%** sa bhliain 2021

**24%** ar thiomáint
**37%** sa bhliain 2021

## B'ionann breis maoinithe a thabhairt do na háiseanna seo agus an stíl mhaireachtála i gcomharsanachtaí a fheabhsú

**I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath:**

**72%** i bhfách le
**18%** i gcoinne
níos mó raonta rothar feadh bóithre, scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**87%** i bhfách le
**4%** i gcoinne
níos mó comharsanachtaí 20 nóiméad a chruthú[vi]

**82%** i bhfách le
**6%** i gcoinne
breis comharsanachtaí ísealtráchta- a chruthú[vii]

**73%** a aontaíonn
**14%** nach n-aontaíonn
go bhfeabhsófar a gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás atá ar fáil do dhaoine teacht le chéile, siúl agus ag rothaíocht a dhéanamh ar a bpríomhshráid áitiúil

**76%** i bhfách le
**11%** i gcoinne
cosc ar fheithiclí a pháirceáil ar an gcosán

**65%** i bhfách le
**13%** i gcoinne
infheistíocht a bhogadh ó scéimeanna tógála bóthair chun an siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú

vi. Féach an sainmhíniú ar leathanach 14.
vii. Le haghaidh sainmhíniú féach an cháipéis faoi Mhodheolaíocht.

v. Bunaithe ar an méid siúil, dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, agus rothaíochta a dhéanann cónaitheoirí atá sa teaghlach céanna agus carr acu. Ní áirítear leis seo rothaíocht nó siúl nó turais ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéantar mar chaitheamh aimsire.



# Siúl i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath

Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa siúl agus sa rothlú

## Rannpháirtíocht sa siúl agus sa rothlú

Tríd is tríd tá méadú tagtha ar líon na ndaoine i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a shiúlann nó a théann thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi go rialta (cúig lá sa tseachtain ar a laghad) ó 2021 i leith, go háirithe i measc iad siúd atá 66+ d'aois agus daoine faoi mhíchumas.

Is minic a thugtar neamhaird ar thuras a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus cúrsaí iompair á bplé. Is amhlaidh a bhíonn in ainneoin gur éifeachtach an bealach é le spás a úsáid, é go maith dár sláinte, leis, agus gur beag tionchar a bhíonn ag na modhanna taistil seo ar an timpeallacht.

**94%**
den lucht cónaithe a dhéanann turas de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**95%** sa bhliain 2021

**71%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**64%** sa bhliain 2021

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad

#### Inscne[i]

**72%** de mhná

**66%** sa bhliain 2021

**69%** d'fhir

**61%** sa bhliain 2021

#### Eitneachas

**66%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**57%** sa bhliain 2021

**71%** de dhaoine geala

**65%** sa bhliain 2021

#### Aois

**74%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**73%** sa bhliain 2021

**68%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**61%** sa bhliain 2021

**71%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**68%** sa bhliain 2021

**75%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**61%** sa bhliain 2021

**63%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**65%** sa bhliain 2021

**74%** de dhaoine 66+ d'aois

**54%** sa bhliain 2021

#### Míchumas

**64%** de dhaoine faoi mhíchumas

**53%** sa bhliain 2021

**71%** de dhaoine gan mhíchumas

**65%** sa bhliain 2021

#### Grúpa socheacnamaíoch[ii]

**74%** de AB

**71%** sa bhliain 2021

**72%** de C1

**62%** sa bhliain 2021

**66%** de C2

**56%** sa bhliain 2021

**65%** de DE

**61%** sa bhliain 2021

i. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

ii. Is éard atá i gceist le grúpa socheacnamaíoch ná aicmiú atá bunaithe ar ghairm bheatha arb é an Cumann Taighde Margaidh a choinníonn suas chun dáta é. Is gairmithe agus lucht bainistíochta iad Grúpaí A agus B. Is maoirseoirí/oifigigh cléireachais agus mic léinn iad Grúpa C1. Is oibrithe láimhe oilte iad Grúpa C2. Is oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe baile agus daoine dífhostaithe iad Grúpaí D agus E.

## Sábháilteacht agus sástacht ag siúl agus ag rothlú

**82%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi
**86%** sa bhliain 2021

**69%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do pháistí a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi
**74%** sa bhliain 2021

**87%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh
**89%** sa bhliain 2021

### An céatadán de chónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht siúil nó rothlaithe ina gceantar áitiúil go maith

**Inscne**

**81%** de mhná
**87%** sa bhliain 2021

**84%** d'fhir
**85%** sa bhliain 2021

**Eitneachas**

**85%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
**82%** sa bhliain 2021

**82%** de dhaoine geala
**86%** sa bhliain 2021

**Aois**

**84%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois
**91%** sa bhliain 2021

**82%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois
**83%** sa bhliain 2021

**80%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois
**88%** sa bhliain 2021

**78%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois
**81%** sa bhliain 2021

**83%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois
**85%** sa bhliain 2021

**88%** de dhaoine 66+ d'aois
**88%** sa bhliain 2021

**Míchumas**

**76%** de dhaoine faoi mhíchumas
**82%** sa bhliain 2021

**83%** de dhaoine gan mhíchumas
**86%** sa bhliain 2021


**Grúpa socheacnamaíoch**

**87%** de AB
**90%** sa bhliain 2021

**83%** de C1
**87%** sa bhliain 2021

**84%** de C2
**82%** sa bhliain 2021

**69%** de DE
**79%** sa bhliain 2021



### Deryck Fay, Sainchomhairleoir teicneolaíochta

Siúlaim agus úsáidim an córas iompair poiblí go minic. Tiomáineann m'fhear chéile, ach bheartaíomar cur fúinn gar don chathair mar go mbíonn sé deas áiteanna insiúlta a bheith ann.

Ó bhí COVID ann, tá síneadh maith tagtha ar lánaí rothaíochta, tá na bacainní fós sealadach. Nuair a dearadh na comharthaí tráchta, dearadh iad chun sreabhadh tráchta gluaisteáin a uasmhéadú, seachas trácht coisithe. Mar choisí, braithim go bhfuil mé ag bun an ordlathais, seachas ag a bharr.

I mo chás-sa, is é an t-athrú is mó a d'fhéadfadh teacht ar chúrsaí ná trasrianta síogacha – mar go dtugann siad tús áite do choisithe. Tá a fhios ag daoine cad is brí leo.

Táimid tar éis a bheith ar an gCarraig Dhubh agus Dún Laoghaire d'aon ghnó mar go bhfuil spás ann chun siúl, am a chaitheamh, an madra a thabhairt leat, agus mar sin de – tá na hathruithe a rinne siad ann tar éis é a dhéanamh áit éigin ar mhaith linn am a chaitheamh ann.



# Rothaíocht i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath

## Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

### Rannpháirtíocht sa rothaíocht

Tríd is tríd tá líon na ndaoine a dhéanann turas ar rothar beagnach mar an gcéanna agus a bhí sé sa bhliain 2021. Rothaíonn **25%** de dhaoine uair amháin sa tseachtain ar a laghad.

Ní bhíonn na deiseanna céanna ag daoine áirithe tabhairt faoin rothaíocht, áfach. Is mó constaic a chuirtear roimh roinnt daoine má tá fonn rothaíochta orthu. An chonstaic is mó a chuireann daoine ó dhul i mbun rothaíochta is ea sábháilteacht, sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phearsanta san áireamh.[i]

**36%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht

**35%** sa bhliain 2021

**25%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

**25%** sa bhliain 2021

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

**Inscne**

**16%** de mhná
**18%** sa bhliain 2021

**35%** d'fhir
**33%** sa bhliain 2021

**Eitneachas**

**25%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
**29%** sa bhliain 2021

**25%** de dhaoine geala
**25%** sa bhliain 2021

**Aois**

**30%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois
**35%** sa bhliain 2021

**30%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois
**31%** sa bhliain 2021

**28%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois
**31%** sa bhliain 2021

**22%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois
**24%** sa bhliain 2021

**24%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois
**15%** sa bhliain 2021

**12%** de dhaoine 66+ d'aois
**10%** sa bhliain 2021

**Míchumas**

**17%** de dhaoine faoi mhíchumas
**8%** sa bhliain 2021

**26%** de dhaoine gan mhíchumas
**27%** sa bhliain 2021

**Grúpa socheacnamaíoch**

**32%** de AB
**29%** sa bhliain 2021

**26%** de C1
**29%** sa bhliain 2021

**20%** de C2
**17%** sa bhliain 2021

**13%** de DE
**22%** sa bhliain 2021

i. Féach Bike Life, tuarascáil Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath 2019.

## Sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

**57%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta don rothaíocht go maith ina gceantar féin
**65%** sa bhliain 2021

**50%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta go maith do leanaí a bhíonn ag rothaíocht
**56%** sa bhliain 2021

**64%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le bheith ag rothaíocht
**67%** sa bhliain 2021

### An céatadán de na cónaitheoirí a cheapann gur maith í an tsábháilteacht don rothaíocht ina gceantar áitiúil

#### Inscne

**54%** de mhná
**59%** sa bhliain 2021

**61%** d'fhir
**71%** sa bhliain 2021

#### Eitneachas

**65%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
**70%** sa bhliain 2021

**56%** de dhaoine geala
**64%** sa bhliain 2021

#### Aois

**64%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois
**66%** sa bhliain 2021

**60%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois
**70%** sa bhliain 2021

**52%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois
**66%** sa bhliain 2021

**55%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois
**60%** sa bhliain 2021

**60%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois
**66%** sa bhliain 2021

**52%** de dhaoine 66+ d'aois
**58%** sa bhliain 2021

#### Míchumas

**47%** de dhaoine faoi mhíchumas
**67%** sa bhliain 2021

**58%** de dhaoine gan mhíchumas
**64%** sa bhliain 2021

#### Grúpa socheacnamaíoch

**59%** de AB
**65%** sa bhliain 2021

**58%** de C1
**70%** sa bhliain 2021

**55%** de C2
**60%** sa bhliain 2021

**53%** de DE
**59%** sa bhliain 2021



### Anita Topa, Traenálaí pearsanta

Níl ceadúnas tiomána agam; bím ag taisteal thart ar rothar. Is traenálaí pearsanta mé agus tá an rothaíocht go maith do do shláinte.

Sílim go bhfuil an rothaíocht i mBaile Átha Cliath go breá má bhíonn lána rothaíochta ann, ach nach mbíonn sé rómhaith nuair atáthar ar an mbóthar le gluaisteáin, tacsaithe agus busanna.

Is gá duit a bheith an-airdeallach, níl sé iontach sábháilte.

Bhí mé san Ísiltír le déanaí agus bhí sé níos sábháilte dul ar rothar ach níl mórán feabhais tagtha ar rothaíocht i mBaile Átha Cliath.



# Tairbhí an tsiúil


## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a shiúlann nó nuair a rothlaíonn níos mó daoine

**Is ionann an fad a théann lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gach lá agus dul timpeall an domhain 117 uair**

Ón mbliain 2021 i leith, tá méadú tagtha ar líon na dturas a dhéantar go ceann scríbe de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, agus méadú ar líon na ndaoine a deir gur bhain siad taitneamh as turais aclaíochta.

**Turais bhliantúla siúil agus rothlaithe de réir cuspóra[i]**

**2023:**
**791.7 milliún turas**





Is ionann sin agus

**1.71 billiún ciliméadar**

= **4.7 milliún ciliméadar** sa lá

**2021:**
**526.4 milliún turas**




Is ionann sin agus

**1.22 billiún ciliméadar**

= **3.3 milliún ciliméadar** sa lá

**Téann turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi chun tairbhe do lucht cónaithe agus do gheilleagar na háite**

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus siúl. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**€0.41** sa bhliain 2021

**€1.01 a shábháiltear[ii]**

in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi seachas tiomáint go ceann scríbe Bhaile Átha Cliath.

ii. Is mó go mór an tairbhe atá le baint as anois de thairbhe an mhéadaithe atá tagtha ar chostais tiomána agus plódú tráchta.

I gcaitheamh bliana amháin sin

**€518.3 milliún**

ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi.

**€169.8 milliún** sa bhliain 2021

Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath

**€1.98 billiún[iii]**


**€796 milliún** sa bhliain 2021

i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais a dhéantar ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht. Taispeántar turais scoile leo féin do leanaí amháin. iii. Airítear leis seo turais a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht, mar aon le turais á ndéanamh ag daoine a bhfuil carr acu nó atá gan charr.

## Tugann siúl agus rothlú buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe an méid a shiúltar i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath seachnaítear 3,655 de riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain**

**2,731** sa bhliain 2021




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

# €53.4 milliún

a shábháil don FSS i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath in aghaidh na bliana

**€24.7 milliún** sa bhliain 2021



arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

# 970,000 coinne DG

**450,000** sa bhliain 2021

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a dhéantar mar chuid den mhéid a shiúltar i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath cuirtear

# cosc ar 725 bás luath gach bliain

**547** sa bhliain 2021

a mheastar gur fiú

# €5.63 billiún é[iv]

**€2.69 billiún** sa bhliain 2021

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil turais i gcathaoireacha rothaí agus ar scútair shoghluaisteachta á n-áireamh mar thurais siúil chun críocha na samhlacha MOVES agus HEAT.

Agus daoine ag siúl agus ag rothlú níos mó in ionad a bheith ag tiomáint, feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

# 250,000 kg de $NO_x$

**630,000 kg** sa bhliain 2021

agus

# 30,000 kg de cháithníní

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**25,000 kg** sa bhliain 2021

**82%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



**79%** sa bhliain 2021

## Is cabhair iad na turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

# Sábháladh 87,000 tonna

d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain trí shiúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin

**69,000 tonna** sa bhliain 2021



# 1.2 milliún duine ag fáil eitilte

ó Bhaile Átha Cliath go Heathrow Londain.

**980,000 duine** sa bhliain 2021

Tá iompar ina chúis le **28%** de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa i gContae Bhaile Átha Cliath, agus is iad na príomhfhoinsí de sin úsáid peitril agus díosail san iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompar in Éirinn.

Máistirphlean Fuinnimh do Réigiún Bhaile Átha Cliath, Codema, 2021. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coimeádann siúl agus dul ar áis a bhfuil rothaí uirthi Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath ag imeacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[v] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.

# 470,000 turas fillte

a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

**290,000** sa bhliain 2021

v. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

# 2,200 ciliméadar

fad slí arb ionann é agus turas ó Chathair Bhaile Átha Cliath go Cathair Chorcaí a dhéanamh ceithre huaire.

**1,400 km** sa bhliain 2021



iv. Bunaithe ar EDS/Uirlis um Shláinte Gheilleagrach na hEorpa a Mheas (HEAT), lenar féidir measúnú a dhéanamh ar an maitheas a dhéantar don tsláinte trí mheastachán a dhéanamh ar an laghdú ar an ráta báis a tharla de bharr an méid a siúladh.



# Tairbhí na rothaíochta


## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a bhíonn níos mó daoine ag rothaíocht

### Is ionann an méid rothaíochta a rinne lucht cónaithe Limistéar Cathrach Baile Átha Cliath agus 28 turas timpeall an domhain gach lá

Tá laghdú tagtha ar thurais fóillíochta ón mbliain 2021 i leith. Tá méadú tagtha ar thurais siopadóireachta, gnó phearsanta agus shóisialta, áfach.

**Turais bhliantúla rothaíochta de réir na cuspóra i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath**[i]


**2023:**
**76.4 milliún turas**




Is ionann sin agus

**416.4 milliún ciliméadar**
= **1.1 milliún ciliméadar** sa lá

**2021:**
**90.2 milliún turas**




Is ionann sin agus

**467.9 milliún ciliméadar**
= **1.3 milliún ciliméadar** sa lá

### Téann an rothaíocht chun tairbhe do chónaitheoirí agus don gheilleagar áitiúil

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus rothaíochta. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**€1.14** sa bhliain 2021

**Sábháiltear €1.48**
in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar ar rothar seachas tiomáint go ceann scríbe i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath.

I gcaitheamh bliana amháin, is é sin suas le

**€294.3 milliún**
ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile ar rothar.

**€162.1 milliún** sa bhliain 2021

Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas rothaíochta i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath

**€404.6 milliún**[ii]


**€311.4 milliún** sa bhliain 2021

i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais fóillíochta. Taispeántar turais oideachais do dhaoine fásta agus do leanaí astu féin. Baineann na turais eile ar fad le daoine fásta amháin. ii. San áireamh leis sin tá turais ar rothair ar mhaithe le taitnimh nó folláine, agus turais chuig cinn scríbe ag daoine a bhfuil carr acu agus nach bhfuil carr acu.

## Tugann rothaíocht buntáistí sláinte do gach duine

476 sa bhliain 2021

**De thairbhe na rothaíochta i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, seachnaítear 718 de riocht sláinte trom fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

€4.5 milliún sa bhliain 2021

## €11.1 milliún

a shábháil don FSS i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath in aghaidh na bliana

arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

82,000 sa bhliain 2021

## 200,000 coinne DG

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a bhaineann le rothaíocht i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath cuirtear

## cosc ar 59 bás luath gach bliain

42 sa bhliain 2021

a mheastar gur fiú

## €459 milliún[iii]

€205 milliún sa bhliain 2021

iii. Bunaithe ar Uirlis Mheasúnaithe Eacnamaíoch don tSláinte (HEAT) de chuid EDS/na hEorpa, a chumasaíonn measúnú eacnamaíoch ar na buntáistí sláinte a bhaineann le rothaíochta trí luach na básmhaireachta laghdaithe a eascraíonn as méideanna sonraithe rothaíochta a mheas.

Agus daoine ag rothaíocht níos mó in ionad a bheith tiomáint feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

## 79,000 kg de $NO_x$

160,000 kg sa bhliain 2021

agus

## 9,600 kg de cháithníní

(PM$_{10}$ agus PM$_{2.5}$)

7,500 kg sa bhliain 2021

**82%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil

79% sa bhliain 2021

## Is cabhair iad na turais rothaíochta i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

24,000 **tonna** sa bhliain 2021

## 34,000 tonna

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) a shábháiltear gach bliain trí rothaíocht in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin de

340,000 **duine** sa bhliain 2021

## 490,000 duine ag fáil eitilte

ó Bhaile Átha Cliath go Heathrow Londain

Tá iompar ina chúis le **28%** de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa i gContae Bhaile Átha Cliath, agus is iad na príomhfhoinsí de sin úsáid peitril agus díosail san iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompar in Éirinn.

Máistirphlean Fuinnimh do Réigiún Bhaile Átha Cliath, Codema, 2021. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coinníonn an rothaíocht i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath ag gluaiseacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.

48,000 sa bhliain 2021

## 62,000 turas rothaíochta fillte


a dhéantar i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar


## 299 ciliméadar

fad slí arb ionann é agus an fad slí idir Baile Átha Cliath agus Cill Airne.

**229 km** sa bhliain 2021



iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts.
Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.



# Réitigh siúil

## Cad é a chuideodh le siúl agus gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh níos éascú?

### Teastaíonn níos mó seirbhísí agus conláistí ó chónaitheoirí laistigh d'achar siúil agus rothlaithe

Go hidéalach, ba cheart go mbeadh siúl nó ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi ar an rogha is tarraingtí do thurais ghearra. D'fhéadfadh limistéar tacú leis sin trína chinntiú go mbeidh go leor de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine ar fáil gar don áit ina gcónaíonn daoine. Ba chóir go mbeadh an timpeallacht sábháilte, compordach agus fáiltiúil.

Áiteanna is ea iad comharsanachtaí 20 nóiméad ónar féidir leat siúl ó do theach chuig go leor de na rudaí a theastaíonn uait ar bhonn rialta (amhail siopaí, páirceanna, scoileanna) agus ar ais arís laistigh de 20 nóiméad.

**Cén céatadán cónaitheoirí nár mhiste leo níos mó áiseanna agus seirbhísí áitiúla a bheith ann chun cabhrú leo siúl nó rothlú níos mó?**

**65%**
Níos mó siopaí agus seirbhísí laethúla, amhail bainc agus oifigí poist, gar do do theach
**70%** sa bhliain 2021

**65%**
Níos mó seirbhísí, amhail ionaid sláinte dochtúirí agus scoileanna, gar do do theach
**68%** sa bhliain 2021

**72%**
Níos mó páirceanna nó spásanna glasa gar do do theach
**75%** sa bhliain 2021

**73%**
Tuilleadh rudaí le feiceáil agus le déanamh gar do do theach, amhail caiféanna nó ionaid siamsaíochta
**77%** sa bhliain 2021


**Tá 32%**
de theaghlaigh Bhaile Átha Cliath i gcomharsanachtaí ina bhfuil níos mó ná 40 teach in aghaidh an heicteáir.
**31%** sa bhliain 2021

Sna comharsanachtaí ard-dlúis sin, is féidir gnólachtaí áitiúla a choinneáil ar bun agus bealaí iompair phoiblí a chothú ar bhealach níos éasca. Cuidíonn sé sin le spleáchas ar charranna a laghdú.[i]

**Aontaíonn 80%**
gur féidir leo dul chuig go leor áiteanna a gcaithfidh siad cuairt a thabhairt orthu gan tiomáint go héasca
**84%** sa bhliain 2021

**Céatadáin na dteaghlach laistigh de raon 800m de na taitneamhachtaí seo a leanas**

Bunaítear é sin mar fhad dírlíne, seachas an fad siúil iarbhír bunaithe ar leagan amach sráide ar dócha go mbeidh sé níos faide (coibhéis thar ar 960m).




i. Sustrans, 2017. Taisteal Gníomhach agus Iompar Poiblí a Nascadh le Fás agus le Pleanáil Tithíochta.
ii. Trí chineál ionad cultúrtha agus fóillíochta ar a laghad, amhail caiféanna, tithe tábhairne, hallaí biongó, pictiúrlanna, músaeim.

## Teastaíonn sráideanna níos fearr ó chónaitheoirí

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus ár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáiltiúil agus compordach do gach duine chun siúl nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi iontu.

**Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na hathruithe seo leo siúl nó rothlú níos mó?**

**71%** Cosáin níos leithne
**74%** sa bhliain 2021

**68%** Trasrianta bóthair níos rialta, le hamanna feithimh laghdaithe
**76%** sa bhliain 2021

**74%** Áiteanna níos deise ar feadh sráideanna chun stopadh agus scíth a ligean, amhail níos mó binsí, crann agus foscadán
**79%** sa bhliain 2021

**79%** Inrochtaineacht níos fearr ar chosáin, amhail dromchlaí cothroma, colbhaí tite ag pointí trasnaithe
**77%** sa bhliain 2021

**68%** Níos lú carranna páirceáilte ar an gcosán
**72%** sa bhliain 2021

**63%** Níos lú eagla roimh choireacht nó iompar frithshóisialta ina gceantar
**72%** sa bhliain 2021


I Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath:

**55%** de bhóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 3m acu[iii]


**73%** de na mionbhóithre a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 2m acu

Ar gach bóthar ina mbíonn acomhail, tá **29%** díobh siúd a bhfuil soilse tráchta acu do ghluaisteáin nach bhfuil aon fhear dearg ná glas acu do choisithe
**34%** sa bhliain 2021

**85%**
de chónaitheoirí a aontaíonn dá ndéanfaí níos mó beart chun coireacht agus iompar frithshóisialta ar an tsráid nó i spásanna poiblí a laghdú go bhfeabhsófaí a gceantar áitiúil
**82%** sa bhliain 2021



iii. Is príomhbhóithre iad bóithre náisiúnta agus bóithre réigiúnacha. Rinneadh leithid cosáin a ríomh le húsáid a bhaint as sonraí Prime II de chuid Thailte Éireann (SOÉ roimhe seo) ceadúnaithe faoin gComhaontú Náisiúnta um Léarscáiliú: CYAL50370872 © Tailte Éireann – Suirbhéireacht. Ní chuirtear baic, amhail stadanna bus nó boscaí bruscair san áireamh i leithead an chosáin.



### An Dr Kristin Hadfield, Ollamh Cúnta

Bím ag siúl idir mo theach i nDumhach Thrá agus m'áit oibre ag Coláiste na Tríonóide. Tógann sé thart ar 50 nóiméad orm, tugann sé deis dom beagán aclaíochta a dhéanamh.

Ní bhíonn sé chomh taitneamhach céanna agus bíonn sé níos dainséaraí nuair a bhíonn daoine ag páirceáil – agus uaireanta ag tiomáint – ar an gcosán. B'fhearr liom dá mbeadh an dlí maidir le páirceáil ar chosáin curtha i bhfeidhm níos déine.

Ba mhaith liom dul ar rothar. Thógadh sé 20 nóiméad orm dul chun na hoibre, mar sin bheinn in ann a bheith níos táirgiúla mar go mbeinn ann níos tapúla. Mar sin féin, bheadh gá le conairí leithscartha rothaíochta chun go mbeinn in ann dul ar rothar chun na hoibre. I láthair na huaire, ní rachainn ar rothar i mBaile Átha Cliath mar nach mbraithfinn sábháilte.

Ar a bharr sin, is cosúil go mbíonn tiománaithe trodach le rothaithe agus b'fhearr liom a bheith gan an strus sin.

Dá mbeadh an bonneagar ann, rachainn ar rothar chun na hoibre, ach ní stopfainn leis an siúl go hiomlán.




# Réitigh rothaíochta

## Cad é a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?

### Is mian le go leor cónaitheoirí i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath dul ag rothaíocht

**Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin i dtaca le rothaíocht de?**




Ní rothaíonn agus níl siad ag iarraidh: **43%**
**43%** sa bhliain 2021

Ní rothaíonn ach ba mhaith leo: **19%**
**22%** sa bhliain 2021

Rothaíocht rialta: **17%**
**17%** sa bhliain 2021

Rothaíocht ó am go chéile: **19%**
**15%** sa bhliain 2021

Ag rothaíocht den chéad uair nó ag filleadh ar an rothaíocht: **3%**
**3%** sa bhliain 2021

**Cén céatadán de chónaitheoirí a dúirt 'nach mbíonn siad ag rothaíocht ach gur mhaith leo dul ag rothaíocht'?**

**22%** de mhná — **25%** sa bhliain 2021

**28%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha — **27%** sa bhliain 2021

**18%** de dhaoine faoi mhíchumas — **23%** sa bhliain 2021

### Teastaíonn bonneagar rothaíochta feabhsaithe ó chónaitheoirí

**Cén céatadán de chónaitheoirí a dhéanfadh níos mó rothaíochta dá mbeadh áiseanna níos fearr ann?**

**67%**
Níos mó bealaí rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí
**65%** sa bhliain 2021

**65%**
Níos mó raonta rothar feadh bóithre atá scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe
**63%** sa bhliain 2021

**66%**
Níos mó bealaí rothaíochta áitiúla le comharthaí feadh sráideanna níos ciúine
**64%** sa bhliain 2021

**64%**
Naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil shlán rothair ag stáisiúin traenach, stadanna bus/stáisiúin
**57%** sa bhliain 2021

Tá **2,668** de spásanna páirceála rothar ar fud gach **119** stáisiún traenach agus stadanna tram i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath[i]
**2,392** sa bhliain 2021

I Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath tá:[ii]

**113 km**
de bhealaí rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ón mbóthar
**95 km** sa bhliain 2021

**140 km**
de raonta rothar atá scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe
**118 km** sa bhliain 2021

**13 km**
de bhealaí rothaíochta áitiúla le comharthaí feadh sráideanna níos ciúine
**2 km** sa bhliain 2021

**14%**
de theaghlaigh laistigh de 125m de na bealaí sin
**7%** sa bhliain 2021

**203 km**
de chosáin rothar cothrom leis an gcosán, arna ndealú ag dromchla difriúil
**226 km** sa bhliain 2021

Rinneadh an figiúr sin a athbhreithniú anuas i ndiaidh cleachtadh cuimsitheach athmhapála.

**72%**
de chónaitheoirí a thacaíonn le níos mó raonta rothaíochta atá scartha go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe a thógáil, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre
**71%** sa bhliain 2021

i. Tá roinnt stáisiún ann ina gcuirtear stóráil shlán ar fáil do rothair a dteastaíonn táille rochtana ina leith. Níl siad seo san áireamh anseo. Níor cuimsíodh páirceáil ag stáisiúin a roinneann áiseanna áirithe san iomlán ach uair amháin chun dúbailt a sheachaint.
ii. Chun inchomparáideacht a chinntiú, tá na figiúirí seo cruinn amhail an 31 Bealtaine 2023 maidir le gach tuairisc cathrach.

## Teastaíonn níos mó tacaíochta ó chónaitheoirí chun rothaíocht

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na cineálacha tacaíochta seo leo rothaíocht níos mó?

**47%**
Cúrsaí oiliúna rothaíochta agus turais shóisialta eagraithe
**49%** sa bhliain 2021

**54%**
Rochtain nó feabhsúcháin ar scéim um fhruiliú rothar cathrach
**59%** sa bhliain 2021

**47%**
Rochtain ar stóráil shlán rothar sa bhaile nó gar dó
**46%** sa bhliain 2021

**49%**
Rochtain ar rothar
**53%** sa bhliain 2021

**36%**
Rochtain ar rothar leictreach
**36%** sa bhliain 2021

**29%**
Rochtain ar rothar lasta (le spás chun leanaí a iompar nó siopadóireacht)
**28%** sa bhliain 2021

**26%**
Rochtain ar rothar oiriúnaithe, amhail tríothach nó lámhrothar
**28%** sa bhliain 2021

### Ar fud sé scéim um rothair ar cíos Cheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath[iii]

**3** scéim sa bhliain 2021

**2,836**
rothar roinnte
**2,460** sa bhliain 2021

**129**
stáisiún fruilithe rothar[iv]
**117** sa bhliain 2021

**2,487,033**
turas bliantúil
**1,635,700** sa bhliain 2021

### Goid rothair tuairiscithe

Tuairiscíodh gur goideadh **11,926** rothar i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath sna blianta 2022/23.
**14,100** sna blianta 2021/22

I gcás gach **59** duine ag a bhfuil rothar duine fásta i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, tuairiscíodh gur goideadh **1** rothar le bliain anuas.

### Céatadáin na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar duine fásta

**58%** de chónaitheoirí — **52%** sa bhliain 2021

**47%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE — **40%** sa bhliain 2021


**65%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB — **59%** sa bhliain 2021

Tá **80%** de chónaitheoirí i bhfabhar lascainí airgeadais do dhaoine ar ioncam íseal nó nach bhfuil i bhfostaíocht chun cuidiú leo rothar a cheannach

**34%**
de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó shiopa rothaíochta[v]

v. © Rannpháirtithe OpenStreetMap.

Tá spás páirceála poiblí do gach **22** duine a thaistealaíonn ar rothar i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath. **31** sa bhliain 2021



### Ruairi Devoy, Caibinéadaire

Is í an rothaíocht an príomh-mhodh iompair s'agam. Bím ag comaitéireacht le mo pháistí chun a scoile ar rothar. Tá lána rothaíochta, cosán comhroinnte agus glasbhealach ar an mbealach chun na scoile anois.

Déanaim cinnte a bheith airdeallach ar gach úsáideoir bóthair agus dea-shampla a thaispeáint do mo pháistí. Cloítear le gach solas, comhartha stop agus comhartha géill slí.

Nuair a bhím ag comaitéireacht ar rothar, tugtar saoirse, sonas agus síocháin as cuimse dom i gcomparáid leis an tiomáint. Is féidir liom na páistí a thabhairt chun na scoile, bualadh le cara agus dul ag rothaíocht tríd an nglasbhealach nua an bealach ar fad ó Chnoc Lín go Tír an Iúir i mbun cainte, agus 70% de sin go sábháilte ar shiúl ó fheithiclí.

Is breá liom an chosaint a thugann an leithscaradh dom, bheadh tuilleadh colbhaí nó glasbhealaí trí pháirceanna ar fheabhas.

iii. Clúdaítear sna sonraí 2023 Iúil 2022–Meitheamh 2023. Clúdaítear sna sonraí 2021 Iúil 2020–Meitheamh 2021. iv. Tá roinnt scéimeanna rothar gan duga a úsáideann seastáin/racaí páirceála rothar poiblí mar láithreacha bailithe. Níor cuimsíodh iad sin sna hiomláin seo.



# Réitigh chomharsanachta

## Cad é a chabhródh le comharsanachtaí a dhéanamh níos fearr?

### Ba chóir go mbraithfeadh gach cónaitheoir go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn compordach ag siúl, ag rothlú nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gceantair**

**89%**
de chónaitheoirí
**91%** sa bhliain 2021

**91%** de mhná
**90%** sa bhliain 2021

**88%** d'fhir
**92%** sa bhliain 2021

**88%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
**83%** sa bhliain 2021

**90%** de dhaoine geala
**92%** sa bhliain 2021

**83%** de dhaoine faoi mhíchumas
**90%** sa bhliain 2021

**90%** de dhaoine gan mhíchumas
**91%** sa bhliain 2021

**84%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE
**88%** sa bhliain 2021

**92%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB
**92%** sa bhliain 2021

### Is féidir le ceannas mótarfheithiclí siúl, rothlú agus rothaíocht a dhíspreagadh

**58%** sa bhliain 2021
**54%** de chónaitheoirí a shíleann nach bhfuil a sráideanna faoi smacht ag mótarfheithiclí a bhíonn ag gluaiseacht nó páirceáilte.

**Ach bheadh níos lú mótarfheithiclí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**71%** sa bhliain 2021
**64%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**62%** sa bhliain 2021
**59%** Taisteal níos mó ar rothar

Níl mionbhóithre ísealúsáide deartha chun tréthrácht a iompar, ach i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath níl aon rud le cosc a chur ar **12%** dá fhad iomlán. D'fhéadfadh cóngar sciuirde a bheith mar thoradh air sin.[i]
**12%** sa bhliain 2021

**67%** a aontaíonn go mbeadh a gceantar níos fearr as dá gcuirfí srian ar thréthrácht ar shráideanna cónaithe áitiúla.
**73%** sa bhliain 2021

**41%** de na sráideanna ar fad i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, ba chóir go mbeadh trácht ag taisteal ar luasanna faoi bhun 30km/u orthu[ii]
**23%** sa bhliain 2021

**Ach luasteorainn 30km/u a bheith ag níos mó sráideanna chabhródh sé le cónaitheoirí chun:**

**66%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó
**69%** sa bhliain 2021

**59%** Taisteal níos mó ar rothar
**62%** sa bhliain 2021

### Teastaíonn ó chónaitheoirí gur spásanna níos fearr do dhaoine chun am a chaitheamh iontu a sráideanna áitiúla

**74%** sa bhliain 2021
**73%**
a aontaíonn go ndéanfaí áit níos fearr dá gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás do dhaoine a bheith ag sóisialú, ag siúl agus ag rothaíocht ar a bpríomhshráid áitiúil

**82%**
a aontaíonn go ndéanann siad comhrá rialta lena gcomharsana, níos mó ná beannú dóibh go díreach
**85%** sa bhliain 2021

**82%**
a thacaíonn le comharsanachtaí íseal-tráchta
**77%** sa bhliain 2021

i. Bunaithe ar anailís arna déanamh ag CycleStreets www.lowtrafficneighbourhoods.org. Is iad mionbhóithre ísealúsáide na cinn a rangaítear mar 'mhionbhóithre nach bhfuil chomh suntasach' ar OpenStreetMap.
ii. **Ní áirítear mótarbhealaí. Foinse: Sonraí Chatagóir Luais NAVSTREETS, ó thacar sonraí NAVTEQ.



**John Kearns, POF**

Reáchtálaim grúpa forbartha eacnamaíochta áitiúil a ghníomhaíonn timpeall cheantar Thamhlachta. Ní raibh aon chustaiméirí ag ár n-ionad 'The Edge' a athchóiríodh le gairid, is beag duine a thuig gurb ann dó.

Ó bhí na hoibreacha ar Ghlasbhealach na Dothra ann, tá méadú as cuimse tagtha ar líon na gcustaiméirí chuig ár n-ionad.

Sular athchóiríodh é, tháinig roinnt buirgléireachtaí ar an ionad seo agus bhí sé faoi réir iompar frithshóisialta. É sin ráite, le bonneagar an Ghlasbhealaigh nua i bhfeidhm, ní raibh pioc trioblóide againn ó shin. Tá sé tar éis an ceantar a oscailt go mór mar áis comharsanachta anois, agus is ábhar mórtais é don phobal, rud atá go hiontach.

Tagaim anseo go minic anois le mo mhadra féin agus siúlaimid feadh an Ghlasbhealaigh. Ní raibh an Chora feicthe agam riamh roimhe, agus níor chreid mé go raibh rud chomh hálainn sin díreach taobh thiar dúinn agus nár tháinig mé air go dtí anois.

## Ní mór cuimhneamh ar leanaí agus comharsanachtaí á ndearadh

Ba chóir go mbeadh comharsanachtaí ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí neamhspleáchas a mhéadú, spás a chur ar fáil chun súgradh agus bualadh le chéile, agus an turas chun na scoile a fheabhsú.

Má dhearaimid comharsanachtaí agus leanaí ar intinn againn, oibreoidh siad níos fearr do gach duine eile freisin.

### 10 bhliain d'aois

an mheánaois a ligfeadh daoine dá gcuid leanaí siúl nó rothaíocht go neamhspleách ina gcomharsanacht.

**11** bliain d'aois sa bhliain 2021

Tá cead ag **80%** de leanaí seacht mbliana d'aois sa Ghearmáin dul ina n-aonar chuig áiteanna faoi fhad siúil, seachas an scoil.[iii]

**79%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil spás ann do leanaí sóisialú agus súgradh

**82%** sa bhliain 2021

**78%** de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó chlós súgartha do leanaí

I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath:

**58%** a aontaíonn

**60%** a aontaíonn sa bhliain 2021

**24%** nach n-aontaíonn

**21%** nach n-aontaíonn sa bhliain 2021

dá ndúnfaí sráideanna lasmuigh de scoileanna áitiúla ar charranna le linn amanna fágála agus bailithe go gcuirfí feabhas ar a gceantar áitiúil.

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéimeanna Sráideanna Scoile i 1 scoil i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath.[iv] Chomh maith leis sin, féach Bealaí Sábháilte chun na Scoile ar leathanach 20.

**2** scéim sa bhliain 2021



iii. Soghluaisteacht Neamhspleách Leanaí: comparáid idirnáisiúnta agus moltaí le haghaidh gníomhaíochta, 2015.
iv. Tá an figiúr atá tugtha i gceart amhail an 31 Bealtaine 2023.



# Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath a fhorbairt

## Athruithe le déanaí i dtaca le siúl, rothlú, rothaíocht agus comharsanachtaí

Sna blianta 2021 go 2023, lean Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath ar aghaidh le seachadadh luathaithe bhonneagar taistil ghníomhaigh sna luathbhlianta paindéime. Tacaíodh leis sin le Clár Rialtais 2020–2025, lenar leithdháileadh 20% den bhuiséad caipitil iompair ar shiúlóid, ar rothaí agus ar rothaíocht.

Foilsíodh an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, 2022-2042, sa bhliain 2022, le béim ar thimpeallacht sráide tharraingteach shábháilte a chruthú dóibh siúd a bhíonn ag siúl, ar rothaí agus ar rothar. Áiríodh leis an straitéis plean nuashonraithe maidir le gréasán uirbeach rothaíochta.

Lean an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) ag maoiniú agus ag tabhairt comhairle d'Údaráis Áitiúla Chathair Bhaile Átha Cliath go léir, maidir le líonraí ardchaighdeáin a sheachadadh chun tacú le daoine siúl, rotha nó rothaíocht ar thurais laethúla. Sa bhliain 2022, d'fhoilsigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bplean maidir le 'Líonra Taisteal Gníomhach' le haghaidh 310km de líonra a bheith i bhfeidhm ar fud na cathrach faoin mbliain 2030. Ar an gcaoi chéanna, tá sé mar aidhm ag an bplean 'Téigh ag Rothaíocht i mBaile Átha Cliath Theas' de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas líonra 263km a sheachadadh faoin mbliain 2030. Tá Dún Laoghaire agus Fine Gall ag obair go gníomhach freisin ar a líonraí taistil gníomhaí a sheachadadh, agus 140km agus 100km de scéimeanna faoi seach á bhforbairt. Tá 'Straitéis Taisteal Gníomhach' curtha le chéile ag Fine Gall freisin, ina sonraítear raon leathan tionscnamh atá deartha chun tacú le siúl agus rothaíocht le haghaidh turais ghearra. Lean Cill Dara, Cill Mhantáin agus an Mhí ag forbairt gréasáin taistil ghníomhaigh ina gceantair uirbeacha.

I mí an Mhárta 2021, bhunaigh an ÚNI an clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus é mar aidhm aige Criosanna Scoile sábháilte a chruthú ag geataí na scoile, áit a moltar gan na páistí a ligean amach ann, agus chun líon na scoláirí a shiúlann nó a théann ar rothar chun na scoile a mhéadú trí áiseanna siúlóide agus rothaíochta arna iarraidh ag an bpobal a chur ar fáil. Chuir 253 scoil i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath isteach ar an gclár, agus amhail i lár na bliana 2023, tá 93 scoil i mbun an chláir ghníomhaigh.

"

I mí an Mhárta 2021, bhunaigh an ÚNI an clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus é mar aidhm aige Criosanna Scoile sábháilte a chruthú ag geataí na scoile, áit a moltar gan na páistí a ligean amach ann, agus chun líon na scoláirí a shiúlann nó a théann ar rothar chun na scoile a mhéadú trí áiseanna siúlóide agus rothaíochta arna iarraidh ag an bpobal a chur ar fáil.



## Glasbhealach na Dothra i Baile Átha Cliath Theas

Ón mbliain 2021 i leith, tá thart ar 7km de Ghlasbhealach na Dothra lena n-áirítear 3 dhroichead agus uasghrádú mór ar acomhal áit a dtrasnaíonn an glasbhealach bealach gathach gnóthach. Síneoidh Glasbhealach na Dothra atá críochnaithe go hiomlán thar 3 limistéar Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath, rud a chruthóidh timpeallacht tharraingteach saor ó thrácht do dhaoine a bheidh ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht, ag nascadh ceantair chónaithe le háiseanna fostaíochta agus oideachais agus ar aghaidh go lár na cathrach ar feadh an dorchla abhann álainn seo - ceann de mhór-áiseanna nádúrtha Bhaile Átha Cliath.




## Ascaill Uí Ghríofa Cathair Bhaile Átha Cliath

Ón mbliain 2021 i leith, tá go leor km-anna de lánaí rothaíochta cosanta seachadta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Sampla de cheann de na scéimeanna seo is ea an 3.5km de raon rothar mearthógtha feadh Ascaill Uí Ghríofa i gCeantar Lár Thuaidh Bhaile Átha Cliath. D'fhorbair an scéim seo ó scéim chosanta mullaird go saoráid níos buaine le leithscaradh colbha coincréit agus dromchla daite. Príomhsprioc na scéime ab ea na ceantair chónaithe éagsúla a nascadh leis na bunscoileanna agus meánscoileanna feadh an bhealaigh agus é a dhéanamh níos fusa dóibh siúd a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht úsáid a bhaint as acomhail ghnóthacha ag go leor láithreacha.



## Bealach Taistil na Scoileanna Gníomhacha 'Ó Mhuir go Sliabh', Dún Laoghaire-Rath an Dúin

Chruthaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Bealach Taisteal Gníomhach 6.8km a ritheann soir-siar trí na bruachbhailte theas ón gCarraig Dhubh go Dún Droma, agus é mar aidhm leis méadú a dhéanamh ar shiúlóid, ar rothaí agus ar rothaíocht chuig scoileanna sa cheantar. Áiríodh sa scéim 3.6km de Chiúinbhealaí sínithe, 1.3km de bhearta maolaithe tráchta, 4 scagaire módúil agus 1.3km de raonta rothar leithscartha nua. Áiríodh leis freisin cosáin agus raonta rothar leanúnacha ag acomhail taobh-bhóthair chun tús áite a thabhairt do shiúlóid agus rothaíochta. Baineadh leas as leagan amach nuálach "cosanta" acomhail agus as treochomharthaíocht bóthair chun cuidiú leo siúd a bhíonn ag siúl, ar rothaí nó ar rothair an bealach a úsáid dá dturais laethúla.



## Fine Gall

Is limistéar forbartha nua é Church Fields i gComhairle Contae Fhine Gall ina raibh sé beartaithe áiseanna taistil gníomhaí a bheith i bhfeidhm roimh fhorbairt cónaithe. Cuideoidh an méid sin le pobal na n-óg chun forbairt go hinbhuanaithe agus imeascadh sa cheantar atá ann cheana. Sampla den bhonneagar nuálach is ea an timpeallán a oireann do rothair ar nós na hÍsiltíre, rud nua d'Fhine Gall, agus d'Éirinn.




# An tslí chun cinn

## Sráideanna agus áiteanna níos fearr do chách

Leanann spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 de bheith mar fhócas Thaisteal Gníomhach i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Éilíonn an plean laghdú 50% ar astuithe iompair, méadú 50% ar thurais taistil ghníomhacha laethúla agus 1,000km de bhonneagar taistil gníomhach breise le seachadadh faoin mbliain 2025. Tacaítear leis sin le leithdháileadh infheistíochta de €1.8 billiún sa Chlár Rialtais.

Leanann spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 de bheith mar fhócas Thaisteal Gníomhach i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Agus an infheistíocht seo á seachadadh agus na spriocanna bonneagair á mbaint amach, tá an ÚNI ag obair le hÚdaráis Áitiúla Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ar phlean bonneagair go dtí 2025 a bhfuil 3 phríomhchuid ann:

- Saoráidí feabhsaithe do choisithe agus do rothair a sheachadadh ar an 12 phríomhbhealach gathacha faoin gclár Croí-Chonair Bhus Bus Connects atá beartaithe le breis is 230km de bhonneagar rothaíochta deighilte den chuid is mó, 360 uasghrádú acomhail agus os cionn 620 uasghrádú trasrianta taobh-bhóthair a áireamh;
- Seachadadh leanúnach an “Chroí-líonra Cathrach” le béim ar áiseanna rothaíochta atá éifeachtach ó thaobh costais de a thógáil go tapa; agus
- Leanúint le hobair a dhéanamh le 253 scoil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a chuir isteach ar an gclár um Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile.

Baineann foirne Taisteal Gníomhach leis an gclár seachadta seo i ngach ceann de na húdaráis áitiúla. Tacaítear leis na foirne sin leis an Lámhleabhar Dearaidh Rothar nua agus trí oiliúint ina dhiaidh sin. Leanfaidh an ÚNI freisin ag cur oiliúint agus tacaíocht ar fáil ar phríomhábhair mar rannpháirtíocht phoiblí agus taisteal scoile, agus tairgfidh sé turais staidéir chuig suíomhanna eiseamláireacha in Éirinn agus thar lear do gach údarás áitiúil, agus ceanglas go n-áireofar ionadaithe polaitiúla áitiúla.

Áirítear an méid seo a leanas i measc na dTionscadal Sonrach atá pleanáilte lena gcur ar aghaidh faoin gcéad leagan eile d'Innéacs Siúil agus Rothaíochta Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2026:

- Chur chun feidhme mór-phlean Bainistithe Tráchta i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath chun leanúint le hathdháileadh na spáis bóthair agus chun tús áite a thabhairt don taisteal gníomhach agus don iompar inbhuanaithe;
- Tionscadal um Thús Áite do Rothair agus Busanna ó Chluain Tarbh go Lár na Cathrach a thabhairt chun críche, ar tionscadal é a tosaíodh á thógáil i mí an Mhárta 2022. Soláthróidh an t-uasghrádú sráide seo ina iomláine, le buiséad tionscadail de €62.5 milliún, áiseanna coisithe uasghrádaithe, áiseanna rothaíochta leithscartha agus bonneagar tosaíochta bus feadh bealach 2.7km i lár na cathrach;
- Leanúint le Glasbhealach gathach straitéiseach na Dothra a thógáil ó Thamhlacht go dtí an Life;
- Leanúint le Glasbhealach gathach straitéiseach na Canálach Ríoga a thógáil ón Life go Má Nuad;
- Bealach Eatramhach Taistil Ghníomhaigh a thógáil ó Chluain Sceach go Lár na Cathrach;
- Leanúint le tógáil líonraí Taisteal Gníomhach sna príomhbhailte fo-uirbeacha m.sh., Tamhlacht, Sord agus Dún Laoghaire;
- Tógáil Ghlasbhealach Shlí an Mhóinéir Leathan thar Inbhear Mhullach Íde;
- Dearadh iomlán líonra rothaíochta Dhún Bhúinne agus na naisc ar aghaidh bealach Chluain Aodha go Baile Bhlainséir;
- Uasghráduithe a thógáil ar an ngréasán rothar sna Clocha Liatha i gCill Mhantáin, ag díriú ar 5 uasghrádú acomhail timpealláin; agus
- Beidh dearadh mionsonraithe ar Chroí-Chonairí Bus Connects ag dul ar aghaidh ar feitheamh cead pleanála, agus cuirfear tús le tógáil ar roinnt gnéithe.



**Stephanie Dickenson, Poiblitheoir**

Tá mé i mo chónaí i bpobal beag foirfe '15 nóiméad' darbh ainm Bóthar na gCloch. Nuair a cheannaíomar an teach seo, bhí sé costasach go leor, ach rinneamar an costas a chosaint mar gheall ar an airgead a choigilt trí chostais iompair a choinneáil íosta.

Is iontach an rud é an siúl don chomhtháthú sóisialta. Is maith liom an saol réidh ann. Is maith liom a bheith ag stopadh chun breathnú ar na bláthanna, na fógraí a léamh – bíonn idirghníomhú níos fearr agam le mo thimpeallacht.

Tá cosáin níos leithne agus ar chaighdeán níos airde uainn. Ní mór don dearadh sráide a bheith dírithe ar úsáideoirí leochaileacha bóithre.

Is fuath liom acomhail naimhdeacha idir ceantair éagsúla – is féidir leis sin daoine a chur as an siúl.

Nuair a bhog mé go Baile Átha Cliath ar dtús, bhí sráid ann a bhí in umar na haimléise agus le bheith macánta, sheachnaínn é tráth. Le déanaí, tá sé dúnta don trácht, agus bhí sé thar a bheith dearfach a fheiceáil, agus tá pleananna ann chun é a dhéanamh níos tarraingtí fós, le binsí, plandáil srl. Braithim go bhfuil athrú ag teacht ar chúrsaí.

**Nótaí maidir leis an modheolaíocht:**

Rinne cuideachta neamhspleách taighde margaidh 'Behaviour & Attitudes' an suirbhé dearcaidh ó mhí Aibreáin go dtí mí Iúil 2023.

Déantar léargas sa suirbhé ar gach cónaitheoir i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, ní orthu siúd a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi nó ag rothaíocht amháin.

Bhailigh Behaviour & Attitudes sonraí suirbhé 2021 ó mhí an Mheithimh go mí Iúil 2021 freisin, agus an mhodheolaíocht chéanna á leanúint acu.

Faightear na sonraí eile go léir ónár gcomhpháirtithe cathrach, tacair sonraí náisiúnta nó déanann Sustrans iad a shamhaltú agus a ríomh.

Úsáidtear samhail a d'fhorbair Sustrans i meastacháin turais. Nuair a dhéantar comparáid le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt éagsúlachta a bheith ann maidir le céatadán na dturas a dhéantar de réir chuspóir an turais.

Baineadh úsáid as slánú tríd an tuarascáil. In go leor cásanna, rinneamar na figiúirí a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire. Seachnaítear slánú sa chás go bhféadfadh sé bheith ina chúis le mearbhall, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a léirítear i roinne na hachoimre agus na sochar.

Tá tuilleadh eolais agus modheolaíocht mhionsonraithe ar fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index

---

Déanann Sustrans níos éasca é do gach duine dul ag siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí orthu agus dul ag rothaíocht.

Oibrímid ar son pobal agus le pobail, ag cuidiú le beocht a chur iontu trí shiúl, gabháil thart ar áiseanna a bhfuil rothaí orthu agus rothaíocht chun áiteanna níos sláintiúla agus saolta níos sona a chruthú do chách.

Bígí linn ar ár dturas. www.sustrans.org.uk

Is carthanas cláraithe é Sustrans sa Ríocht Aontaithe Uimh. 326550 (Sasana agus an Bhreatain Bheag) SC039263 (Albain)

© Sustrans Márta 2024
© Grianghraif: Lukasz Pedlowski, ach amháin lth2 & lth21 (ÚNI), lth7 (Deryck Faye), lth15 (Dr Kristin Hadfield), lth17 (Ruairi Devoy), lth19 (Partas) agus lth23 (Stephanie Dickenson)

Buíochas le Seirbhís na mBealaí Oscailte as a dtacaíocht lena mbreiseán iseacróin in QGIS.

---

Tá an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta i Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an tionscadal á chomhordú ag Sustrans agus tá tacaíocht faighte aige ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Conate Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin Comhairle Conate, Comhairle Conate Fhine Gall, Comhairle Chontae Chill Mhantáin, Comhairle Conate Chill Dara agus Comhairle Chontae na Mí.

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority



JOIN THE MOVEMENT